Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8949/21**

**AGRI 229**
**FAO 17**
**COAFR 131**
**COHAFA 50**
**CONUN 74**
**ENV 323**
**CLIMA 117**
**SUSTDEV 67**
**DEVGEN 99**
**RELEX 453**
**SAN 310**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia<br>- *formheas* |

1. Thionóil Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe António Guterres 'Cruinniú Mullaigh faoi Chórais Bhia' do 2021, mar chuid de Dheich mBliana Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach faoin spriocdháta 2030. Tá sé beartaithe an Cruinniú Mullaigh a bheith ann taobh leis an 76ú Comhthionól Ginearálta de chuid na Náisiún Aontaithe (14-30 Meán Fómhair 2021) agus roimhe sin, beidh réamhchruinniú mullaigh trí lá á óstáil ag an Iodáil an 26-28 Iúil 2021 ag ceanncheathrú Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) sa Róimh.

2. Is é is cuspóir don Chruinniú Mullaigh faoi Chórais Bhia, mar chuid de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, gníomhaíochtaí storrúla a sheoladh chun an bealach a dtáirgeann agus a n-itheann an domhan bia a athrú ó bhonn ionas a áirithiú go mbeifear in ann pobal méadaitheach an domhain a chothú ar bhealach inbhuanaithe. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gCruinniú Mullaigh i gcomhthéacs ghéarchéim COVID-19 ó tharla an ghéarchéim sin ag cur leis na neamhionannais atá ann cheana féin maidir le rochtain ar bhia cothaitheach folláin ar fud an domhain.

3. Is é an toradh a bhíonn ar an bpróiseas a bhaineann leis an gCruinniú Mullaigh go dtugtar le chéile lucht ceaptha beartas agus saineolaithe ó rialtais náisiúnta agus ó chomhlachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe le príomhghníomhaithe agus geallsealbhóirí ón tsochaí shibhialta, ón earnáil phríobháideach agus ó shaol na heolaíochta agus na hacadúlachta. Ina theannta sin, moladh do chomhaltaí na Náisiún Aontaithe idirphlé náisiúnta maidir leis na córais bhia a eagrú chun deis a thabhairt do dhaoine páirt ghníomhach a ghlacadh sa Chruinniú Mullaigh, i gcomhréir leis an bprionsabal go mbeidh ar gach duine gníomhaíocht a dhéanamh chun córais bia an domhain a athrú ó bhonn.

4. Sa dara leath de 2020, faoi Uachtaránacht na Gearmáine, chuir an Mheitheal um Chomhordú (FAO) tús leis an bplé darbh aidhm conclúidí ón gComhairle a ullmhú maidir le tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh na gCóras Bia. D'aithin an Mheitheal, go háirithe, tábhacht an Chruinnithe Mullaigh chun fís an Aontais do thodhchaí inbhuanaithe, aeráidneodrach, acmhainntíosach a chur chun cinn, mar a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip gona straitéisí agus pleananna gníomhaíochta gaolmhara, go háirithe an Straitéis "ón bhfeirm go dtí an forc" agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais.

5. Anuas ar an réamhobair chuimsitheach a rinne Uachtaránacht na Gearmáine, lean Uachtaránacht na Portaingéile den phlé ón 1 Eanáir 2021, agus mhol sí do na toscaireachtaí comhordú leathan a áirithiú ar fud na réimsí beartais ar an leibhéal náisiúnta.

6. An 5 Bealtaine 2021, tháinig an Mheitheal um Chomhordúchán (EBT) ar chomhaontú maidir le téacs deiridh na ndréacht-Chonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

7. Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Bealtaine 2021, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar ar tháinig an Mheitheal um Chomhordú (EBT) agus d'fhormhuinigh sé na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo a fhormheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 26-27 Bealtaine 2021 (Talmhaíocht agus Iascach).

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI:

- Conclúidí ón gComhairle an 17 Meitheamh 2019 dar teideal 'Gníomhaíocht an Aontais chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe a neartú' (10341/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 8 Iúil 2019 dar teideal 'Ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain' (10997/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 dar teideal 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile' (14835/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' (12099/20);

- Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach' (12210/20);

- Conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 dar teideal 'Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas' (14167/20);

- Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2019 dar teideal 'An Straitéis Bithgheilleagair nuashonraithe' (14594/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2019 dar teideal 'An Ceathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i ndáil leis an bPlean Gníomhaíochta um Chothú' (14457/19);

- Conclúidí ón gComhairle an 26 Samhain 2018 dar teideal 'Slándáil dhomhanda bia agus cothaithe a neartú' (14554/18);

- Conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2018 maidir le tosaíochtaí meántéarmacha an Aontais agus a Bhallstát i gcás Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) (10227/18);

1. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas iomlán do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), do Chomhaontú Pháras agus don Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CB), agus DEARBHAÍONN SÍ AN ATHUAIR a tacaíocht bhuanseasmhach do na Deich mBliana Gníomhaíochta chun dlús a chur leis an móiminteam na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach faoi 2030. Leanfaimid orainn de bheith ag obair go dlúth leis na Náisiúin Aontaithe chun gníomhaíocht iltaobhach riailbhunaithe a chur chun cinn agus a neartú lena gcuirfear deireadh leis an mbochtaineacht, leis an ocras agus le míchothú, lena ndéanfar an pláinéad a chosaint agus lena ndeimhnítear go mbainfidh gach duine tairbhe as an tsíocháin agus as an rathúnas, bunaithe ar chearta an duine agus dínit an duine.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe Cruinniú Mullaigh maidir le Córais Bhia a thionól, i gcomhthéacs na nDeich mBliana Gníomhaíochta, chun gníomhaíochtaí misniúla a sheoladh chun an bealach ina dtáirgeann agus ina n-ídíonn an domhan bia a athrú ó bhonn, d'fhonn a áirithiú go mbeidh cumas marthanach againn bia leordhóthanach, sábháilte agus inacmhainne agus aistí bia sláintiúla a chur ar fáil do chách laistigh dár dteorainneacha pláinéadacha. Tá sé ríthábhachtach córais inbhuanaithe bhia agus patrúin cothaithe shláintiúla a thógáil chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach.

3. IS MÓR AICI an Cruinniú Mullaigh a bheith duinelárnach agus réiteachdhírithe. Is deis shuntasach í seo don phobal domhanda aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na dúshláin shistéamacha idirnasctha atá roimh na córais bhia atá ann i láthair na huaire. Tá an Cruinniú Mullaigh fíorthábhachtach freisin chun atógáil ar bhealach níos fearr agus níos glaise tar éis ghéarchéim COVID-19 gona tionchar socheacnamaíoch suaiteach, rud a dhéanann an neamhionannas níos measa agus a chuireann le neamhshlándáil an tsoláthair bia agus le míchothú.

4. TÁ SÍ TIOMANTA GO hIOMLÁN obair a dhéanamh i gcomhar le tíortha ó réigiúin uile an domhain agus leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir chun toradh uaillmhianach a bhaint amach ag an gCruinniú Mullaigh agus gníomhaíochtaí éifeachtacha leantacha a chur i gcrích, faoi stiúir na bprionsabal uileghabhálach maidir le cearta an duine agus an cur chuige maidir leis an gceart chun bia. Táimid réidh le páirt a ghlacadh san iarracht chomhpháirteach seo, faoi threoir Chlár Oibre 2030 agus na físe le haghaidh todhchaí atá inbhuanaithe, aeráidneodrach agus tíosach ar acmhainní a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip[1] agus na straitéisí agus pleananna gníomhaíochta lena mbaineann, go háirithe an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[2] agus 'Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030'[3], mar aon le beartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus comhbheartais talmhaíochta agus iascaigh an Aontais.

[1] 15051/19 + ADD 1, EUCO 9/19, EUCO 29/19, EUCO 22/20.
[2] 8280/20 agus 12099/20.
[3] 8219/20 agus 12210/20.

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí tiomanta a comhar a chomhdhlúthú agus a threisiú le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile na Náisiún Aontaithe atá rannpháirteach sa Chruinniú Mullaigh maidir le Córais Bhia agus leis an obair leantach a ghabhann leis sin, agus molann sí dóibh oibriú go dlúth le chéile de mheon 'One UN'.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na prionsabail ghinearálta agus na príomhthosaíochtaí seo a leanas do Chruinniú Mullaigh 2021 na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia:

**PRIONSABAIL GHINEARÁLTA CHUN CÓRAIS BHIA A ATHRÚ Ó BHONN**

7. Bíonn tionchar criticiúil ag córais bhia ar shaol, sláinte agus dea-bhail daoine. Bíonn tionchar bunúsach acu freisin ar acmhainní nádúrtha agus ar éiceachórais an phláinéid. De bharr gur minic **laigí struchtúracha agus treochtaí neamh-inbhuanaithe** ag baint leis na córais bhia atá ann i láthair na huaire, mar aon leis na **neamhionannais** atá ann cheana maidir le rochtain ar aistí bia sláintiúla[4], ní mór **dlús a chur le gníomhaíocht chomhbheartaithe**.

8. I gcomhréir le prionsabal uileghabhálach Chlár Oibre 2030 'gan aon duine a fhágáil ar lár', ní mór aistriú na gcóras domhanda bia a bheith **cothrom agus cuimsitheach**, agus bunaithe ar **chur chuige maidir le cearta an duine**. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na daoine is boichte agus is leochailí, agus ar chearta na bpobal áitiúil agus na bpobal dúchasach.

9. Ní mór iarracht níos mó a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt **ar na bunchúiseanna agus ar na príomhchúiseanna atá le neamhshlándáil an tsoláthair bia agus le míchothú** ar fud an domhain, go háirithe an bhochtaineacht, an neamhionannas, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, an imirce éigeantach agus coinbhleachtaí. I ndáil leis an méid sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar chothú a áirithiú i gcomhthéacsanna leochaileacha daonnúla, ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach atá **comhtháite ó thaobh na daonnúlachta, na forbartha agus na síochána de** ar gach leibhéal. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar timthriallach a bhíonn ag neamhshlándáil an tsoláthair bia agus chun feabhas a chur ar **chúnamh daonnúil bia** chun tacú le daoine agus le pobail leochaileacha i gcomhthéacsanna coinbhleachta.

10. Rannchuidíonn mná ar bhealach bunriachtanach chun slándáil an tsoláthair bia agus an cothú a áirithiú ar fud an domhain bíodh is nach dtugtar aitheantas dóibh as a ndéanann siad. Leanann sé de bheith ríthábhachtach **comhionannas inscne a bhaint amach** agus deireadh a chur le bacainní socheacnamaíocha agus bacainní eile chun **mná agus cailíní a chumhachtú** le go mbeidh ról iomlán acu i gclaochlú na gcóras bia.

[4] De réir Treoirlínte Deonacha an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain maidir le Córais Bhia agus Cothú, is aistí bia sláintiúla iad aistí bia atá sábháilte, éagsúil, cothrom agus bunaithe ar bhianna cothaitheacha.

11. Tá dlúthnasc idir na dúshláin a bhaineann le claochlú na gcóras bia agus na **dúshláin níos leithne atá roimh an domhan a bhaineann leis an inbhuaine, leis an mbithéagsúlacht agus leis an aeráid**. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag iarrachtaí domhanda **rannpháirteachas gníomhach na ngníomhairí uile** a spreagadh agus **a bhfreagrachtaí** a shainiú ag **gach céim den chóras bia**: táirgeadh, próiseáil, stóráil, dáileadh, tomhaltas agus diúscairt.

12. Ní mór an t-athrú i dtreo córais bhia inbhuanaithe athléimneacha a bhunú ar **chur chuige iomlánaíoch agus sistéamach** agus ní mór **taighde agus nuálaíocht** a bheith mar bhonn taca leis. Chuige sin, is gá úsáid níos fearr a bhaint as modheolaíochtaí eolaíochtbhunaithe agus fianaisebhunaithe chun seachtrachtaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta an bhia a mheasúnú, lena n-áirítear na costais fholaithe a bhaineann leis go háirithe don chomhshaol agus don tsláinte, agus tuiscint níos fearr a fháil ar na sineirgí agus ar na comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de ghnéithe éagsúla na gcóras bia agus eatarthu. Ní mór a áirithiú go háirithe go dtabharfar tacaíocht don **chomhar taighde** agus go bhfeabhsófar an **comhéadan idir an eolaíocht agus an beartas**, agus aird chuí á tabhairt ar eolas traidisiúnta agus dúchasach.

13. Tá **cur chuige il-gheallsealbhóra** atá láidir agus comhtháite, atá bunaithe ar idirphlé agus comhpháirtíochtaí idir gníomhaithe poiblí agus príobháideacha ar gach leibhéal, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, institiúidí eolais agus lucht ceaptha beartas, lárnach chun patrúin táirgthe agus tomhaltais bia a athdhearadh. Tá sé ríthábhachtach **rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí uile** a áirithiú ar théarmaí cothroma, lena n-áirítear trí bhíthin **timpeallacht chumasúcháin bheartais** agus trí bhíthin dreasachtaí iomchuí eacnamaíocha agus airgeadais.

14. Tá **infheistíocht fhreagrach leordhóthanach,** ó ghníomhaithe príobháideacha agus poiblí araon ar gach leibhéal, ríthábhachtach chun córais bhia dhea-fheidhmiúla a áirithiú agus chun margaí réigiúnacha agus áitiúla a neartú. Sa chomhthéacs sin, ní mór gníomhaíocht dhaingean a dhéanamh chun glacadh agus cur i bhfeidhm **ionstraimí idirnáisiúnta** a spreagadh **chun infheistíocht fhreagrach a chur chun cinn** atá dírithe ar shlándáil an tsoláthair bia agus ar chothú lena n-urramaítear cearta an duine[5], lena n-áirithítear cothroime agus trédhearcacht i rialachas tionachta talún[6], agus atá i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil.

---

[5] Go háirithe Prionsabail an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain um Infheistíocht Fhreagrach sa Talmhaíocht agus i gCórais Bhia.

[6] Go háirithe Treoirlínte Deonacha an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí i gcomhthéacs Shlándáil Náisiúnta an tSoláthair Bia.

15. Le claochlú na gcóras bia, ba cheart aird chuí a thabhairt ar an **nasc idir an tuath agus ceantair uirbeacha**, mar aon le héagsúlacht na gcríoch agus na láidreachtaí agus na laigí sonracha a bhaineann leo. I ndáil leis an méid sin, is féidir le **cur chuige críochach agus ón mbun aníos** ina gcuirfear dúshláin áitiúla san áireamh agus leas a bhaint as sócmhainní áitiúla rannchuidiú go mór.

## NA PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ ATÁ LE CUR CHUN CINN AG AN GCRUINNIÚ MULLAIGH MAIDIR LE CÓRAIS BHIA

16. Faoi phrionsabail uileghabhálacha chearta an duine, agus tagairt ar leith á déanamh don cheart chun bia, tá an tAontas[7] tiomanta obair a dhéanamh i gcomhar lena chomhpháirtithe d'fhonn cuspóirí an Chruinnithe Mullaigh maidir le Córais Bhia a shaothrú chun tacú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

17. Cuireann an tAontas chun suntais na tosaíochtaí trasghearrtha seo a leanas don Chruinniú Mullaigh, ar cheart aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach cuimsitheach comhtháite.

***An inbhuaine agus an athléimneacht a neartú***

18. Ní mór don talmhaíocht, don iascach agus don dobharshaothrú slándáil an tsoláthair bia agus cothú a áirithiú ar bhealach inbhuanaithe do dhaonra an domhain atá ag dul i méid. Chuige sin, beidh gá le haistriú ó mhodhanna agus cleachtais neamh-inbhuanaithe táirgthe, agus le méadú ar **réitigh dhúlrabhunaithe agus cuir chuige bunaithe ar éiceachórais**, amhail cleachtais agrai-éiceolaíocha, feirmeoireacht orgánach agus agrafhoraoiseacht, agus acmhainneacht mhéadaithe do phleanáil agus do bhainistíocht chomhtháite úsáide talún. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar **dhíghrádú ithreach a laghdú** agus ar fheabhas a chur ar **shláinte na hithreach**. Ina theannta sin, le méadú ar úsáid acmhainní fionnuisce mar aon le triomach níos minice agus níos déine, tá gá le gníomhaíocht mhisniúil chun **bainistiú inbhuanaithe agus comhtháite acmhainní uisce** mar aon le húsáid éifeachtúil uisce a chur chun cinn, agus truailliú fionnuisce agus ithreach a chosc.

19. Is den ríthábhacht é, chun tacú leis an aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe agus athléimneacha, go mbeadh ann **beartais láidre talmhaíochta agus bhia** agus creataí domhanda éifeachtacha chun úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn, lena n-áirítear acmhainní géiniteacha.

---

[7] Ó thús deireadh an doiciméid seo, ní dhéanann úsáid 'AE' réamhbhreith i dtaobh cibé acu an ag 'AE', 'AE agus a Bhallstáit' nó 'Ballstáit an Aontais Eorpaigh' go heisiach atá an inniúlacht.

Mar aon le cuir chuige chríochacha, is uirlisí tábhachtacha **táirgeadh cóir agus trédhearcach agus scéimeanna deimhniúcháin don chomhshaol maille le scéimeanna cáilíochta** a fhéadfar a úsáid chun na críche sin. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart bearta chun feabhas a chur ar **úsáid fhreagrach agus inbhuanaithe leasachán, lotnaidicídí agus ábhar frithmhiocróbach** a neartú, lena n-áirítear trí spriocanna maidir le laghdú.

20. Tá sé ríthábhachtach na haigéin agus na fionnuiscí a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint chun bia a tháirgeadh d'aistí bia sláintiúla inbhuanaithe. Agus aitheantas á thabhairt do rannchuidiú ríthábhachtach **an iascaigh agus an dobharshaothraithe**, ní mór tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun bealaí inbhuanaithe a fhorbairt chun acmhainní domhanda bia mara a bhainistiú. Caithfidh an obair sa réimse seo díriú ar **stoic éisc a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe**, agus ar dheireadh a chur le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe, i gcomhréir le cur chuige neamhfhulaingthe, agus ar an ró-iascaireacht a chomhrac agus ar thionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a chosc. Ba cheart don Chruinniú Mullaigh **comhar** a spreagadh maidir le bearta nithiúla chun **bainistiú éifeachtach iascaigh** agus **forbairt inbhuanaithe an dobharshaothraithe** agus a slabhraí luacha a áirithiú chun tacú le córais bhia inbhuanaithe athléimneacha.

21. Tá **an bhithéagsúlacht agus córais bhia** an-spleách ar a chéile. Tá cailliúint na bithéagsúlachta agus bainistiú neamhfhónta ar ionchuir cheimiceacha agus ar dhramhaíl ina mbagairt thromchúiseach ar acmhainn fhadtéarmach táirgthe bia agus ar athléimneacht na gcóras bia. Tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun aghaidh a thabhairt ar na nithe is cúis le **cailliúint na bithéagsúlachta** go díreach agus go hindíreach i gcomhthéacs tháirgeadh agus thomhaltas an bhia. I ndáil leis an méid sin, is den bhunriachtanas é spleáchas **ar lotnaidicídí agus ar ró-úsáid cothaitheach** a laghdú, agus an **agrai-bhithéagsúlacht** a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear trí bhíthin cleachtais agra-éiceolaíocha agus feirmeoireacht orgánach, agus aghaidh a thabhairt ar na príomh-bhunchúiseanna leis an **titim ar líon na bpailneoirí**, atá fíorthábhachtach d'éiceachórais shláintiúla agus do shlándáil an tsoláthair bia. Sa chomhthéacs sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú in CP-CB 15[8] maidir le **creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020** a bheidh claochlaitheach agus uaillmhianach.

---

8 An 15ú Comhdháil de na Páirtithe sa Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht

22. Cuireann **foraoisí agus córais agrafhoraoiseachta**, go díreach agus go hindíreach, le slándáil bia agus cothú ar go leor bealaí. Ní mór iarrachtaí comhpháirteacha feabhsaithe a dhéanamh chun Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí 2017-2030 a chur chun feidhme, chun deireadh a chur le **dífhoraoisiú domhanda agus díghrádú foraoisí**, lena n-áirítear **lománaíocht neamhdhleathach**, agus foraoisí a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, agus aird chuí á tabhairt ar chaomhnú foraoisí príomhúla agus cianaosta. Á admháil di go bhfuil leathnú na talmhaíochta ar cheann de na príomhchúiseanna le dífhoraoisiú domhanda, tá sé ríthábhachtach **slabhraí soláthair a áirithiú a bheidh trédhearcach agus inbhuanaithe**, lena n-áirítear tríd an riosca a íoslaghdú go gcuirfí táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise ar an margadh. Chun na críche sin, ba cheart don Chruinniú Mullaigh **comhar déthaobhach agus iltaobhach** a neartú maidir le beartais agus gníomhaíochtaí chun tíortha a spreagadh chun beartais uaillmhianacha chóra toradhbhunaithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, ar beartais iad lena ndírítear ar dhífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a chomhrac.

23. Is mór an tionchar a imríonn an t-athrú aeráide ar na **córais bhia** ach is cúis thábhachtach iad na córais bhia leis an **athrú aeráide**. Cuireann infheistíocht fhreagrach, nuálaíocht agus teicneolaíocht dhigiteach an-acmhainneacht ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar **oiriúnú don athrú aeráide agus ar mhaolú ar an athrú aeráide** ar fud na gcóras bia. I ngeall ar an gCruinniú Mullaigh, ba cheart **réitigh, nuálaíochtaí agus dea-chleachtais** a spreagadh, a d'fhéadfaí a mhéadú agus a mbeadh tionchar marthanach acu chun díothú an ocrais a bhaint amach agus aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar spriocanna aeráide agus inbhuaine ar fud na gcóras bia. I ndáil leis an méid sin, ní mór a áirithiú go háirithe go mbeidh nuálaíochtaí ar fáil agus inrochtana ag na tíortha agus na pobail is boichte agus is leochailí.

24. Le **haistriú cóir chuig geilleagar ciorclach**, féadfar cur go mór le córais bhia inbhuanaithe athléimneacha. Ní mór iarrachtaí feabhsaithe a dhéanamh chun úsáid acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite a laghdú agus chun na **hearnálacha bithbhunaithe** a neartú, lena n-áirítear trí infheistíocht fhreagrach agus margaí freagracha a scaoileadh, agus trí tháirgeadh agus próiseáil bithmhaise inbhuanaithe a chothú. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag **forbairt bhreise acmhainneacht na bhfoinsí inbhuanaithe próitéine** sa soláthar bia domhanda.

25. Tá sé ríthábhachtach **na leibhéil reatha caillteanas bia agus cur amú bia a laghdú** go suntasach chun dul i dtreo córais bhia inbhuanaithe. Chun sprioc dhomhanda 2030 a bhaint amach maidir le cur amú bia a laghdú faoina leath ar an leibhéal miondíola agus ar leibhéal na dtomhaltóirí, agus caillteanais bia feadh slabhraí táirgthe agus soláthair a laghdú (lena n-áirítear caillteanais iarbhuainte), is gá aird ar leith a thabhairt chun an comhar idir earnálacha agus an comhar poiblí-príobháideach a chur chun cinn; tacú le bearta oideachais agus bearta ardaithe feasachta; dearadh pacáistíochta bia atá ciorclach agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn; úsáid shábháilte seachtháirgí agus athchúrsáil dramhbhia; seilfré táirgí a fheabhsú ar bhealach freagrach, agus feabhas a chur ar fhaireachán agus ar thuairisciú ar chaillteanas bia agus ar chur amú bia feadh shlabhra an tsoláthair bia.

26. Tá sé ríthábhachtach **slí bheatha chuibhiúil agus caighdeán maireachtála cuibhiúil** a áirithiú do tháirgeoirí príomhúla agus dóibh siúd uile a oibríonn feadh an bhiashlabhra ina iomláine, lena n-áirítear trí bhearta cosanta sóisialta. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ról tábhachtach a bhíonn ag **sealbhóirí beaga, feirmeoirí teaghlaigh agus táirgeoirí ar mionscála san iascach, agus sa dobharshaothrú agus san fhoraoiseacht.** Chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a chur ar aghaidh, tá sé bunriachtanach rochtain níos fearr a thabhairt dóibh ar mhargaí, ar shócmhainní táirgiúla agus ar ionchuir, ar mhaoiniú agus ar árachas; rialachas níos fearr a thairiscint dóibh maidir le tionacht talún, uisce agus limistéar iascaireachta, dálaí oibre cothroma agus saoráidí sláinteachais cuibhiúla; an rochtain atá acu ar thaighde, eolas, teicneolaíocht agus nuálaíocht a neartú; agus aitheantas a thabhairt don ról a bhíonn ag slabhraí soláthair áitiúla agus gearra.

27. Le próiseas cuimsitheach aistrithe a bheith ann, ní mór aitheantas cuí a thabhairt don ról lárnach a bhíonn ag **pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla i gcórais bhia**, trína gcumhachtú a fheabhsú agus a gcearta a chosaint. Tá sé ríthábhachtach freisin ionchais agus caighdeáin mhaireachtála na mban agus na ndaoine óga i gceantair thuaithe a fheabhsú. Ag an gcruinniú mullaigh, ba cheart béim a leagan ar an ngá atá le gníomhaíocht leanúnach luathaithe chun na críche sin.

28. Is gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil bia agus ar mhíchothú i gcásanna éigeandála agus géarchéime fada. I ndáil leis an méid sin, is príomhghné d'athléimneacht an bhia é an **cúnamh bia daonnúil**, mar go ndéanann sé beatha agus slite beatha a chosaint agus téarnamh níos tapúla a cheadú.

Ní mór tuilleadh a dhéanamh chun **sásraí cúnaimh bia níos éifeachtúla** a chur chun cinn, lena n-áirítear réamhghníomhaíocht, aistrithe airgid thirim agus soláthar áitiúil earraí bia, rud a d'fhéadfadh cuidiú freisin le tionchar na n-idirghabhálacha daonnúla ar an gcomhshaol a laghdú agus soláthar áitiúil earraí bia a thacú.

***Aistí bia folláine a chur chun cinn trí bhíthin córais bhia inbhuanaithe***

29. Caithfidh na patrúin tomhaltais bia atá ann faoi láthair a bheith níos inbhuanaithe. Bíonn ról ríthábhachtach ag tomhaltóirí i ndáil leis sin. Maidir le tacú le patrúin chothaithe atá inbhuanaithe, sábháilte, sláintiúil agus éagsúil, agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear bianna planda-bhunaithe, trí **bhíthin timpeallachtaí feabhsaithe bia, oideachas, ardú feasachta agus rochtain ar fhaisnéis,** ba cheart dóibh a bheith mar chuid lárnach de na hiarrachtaí atá ar siúl ar fud an domhain córais bhia a chlaochlú. I ndáil leis an méid sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar chumarsáid shoiléir le tomhaltóirí a chur chun cinn, go háirithe trí bhíthin **córais lipéadaithe** thrédhearcacha agus oideachas cothaithe.

30. In éineacht le hiarrachtaí comhpháirteacha leanúnacha chun deireadh a chur leis an ocras agus an neamhshlándáil bia a chomhrac, ní mór aird ar leith a thabhairt ar ualach méadaitheach an mhíchothaithe de gach cineál, lena n-áirítear an tearc-chothú a bheith ann ag an am céanna leis **an rómheáchan**, leis **an murtall** agus le **galair** neamhtheagmhálacha eile **a bhaineann leis an aiste bia**. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na haistí bia a theastaíonn ó leanaí agus ó dhéagóirí go bhfásfaidh siad agus go mbainfidh siad a n-acmhainneacht iomlán amach, lena n-áirítear trí chláir cothaithe scoile. Tá treoir idirnáisiúnta maidir le beartais chun aistí bia folláine a chur chun cinn ríthábhachtach, go háirithe do na daoine is boichte agus do dhaoine scothaosta, agus do mhná agus leanaí atá ag maireachtáil i gcomhthéacs leochaileach. Tacaíonn an tAontas le húsáid bhreise táscairí maidir le héagsúlacht cothaithe íosta chun faireachán a dhéanamh ar thomhaltas aistí bia ilchineálacha i measc grúpaí daonra.

31. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag **cleachtais fhreagracha mhargaíochta** agus **beartais spriocdhírithe phraghsála** chun cabhrú le daoine roghanna maithe bia a dhéanamh, agus rannchuidiú ag an am céanna le **trédhearcacht fheabhsaithe an mhargaidh** agus cúiteamh níos córa do tháirgeoirí. Ar an gcaoi chéanna, is gá aird ar leith a thabhairt chun úsáid níos fearr **beartas inbhuanaithe maidir le soláthar poiblí agus príobháideach** a chur chun cinn agus chun caighdeáin dheonacha inbhuaine a chomhtháthú i mbeartais den chineál sin.

32. Ba cheart don Chruinniú Mullaigh bearta éifeachtacha a mholadh chun **inrochtaineacht agus inacmhainneacht aistí bia folláine a mhéadú trí bhíthin córais bhia inbhuanaithe,** lena n-áirítear do ghrúpaí leochaileacha.

***Sábháilteacht bia agus sláinte phoiblí a neartú***

33. Is den ríthábhacht é sábháilteacht an bhia a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí a áirithiú. Chuige sin, ní mór a bheith in ann an **bia a rianú go leordhóthanach feadh an bhiashlabhra** agus **rioscaí a íoslaghdú**, lena n-áirítear sna céimeanna próiseála bia agus miondíola, agus **caolais bhia a chomhrac** go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go hiomlán leis an obair thábhachtach atá á déanamh ag **comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú**, go háirithe an Coimisiún Codex Alimentarius, an Coimisiún um Bearta Fíteashláintíochta (CPM) faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC) agus an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE). Ba cheart inbhuaine na gcóras bia a chur san áireamh agus caighdeáin idirnáisiúnta eolaíocht-bhunaithe agus fianaise-bhunaithe á bhforbairt ag na heagraíochtaí sin.

34. Riachtanas lárnach maidir le claochlú rathúil na gcóras bia is ea cur chuige na h**Aon Sláinte Amháin** ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte a dtimpeallachtaí comhroinnte. I ndáil leis an méid sin, ba cheart an **comhar trípháirteach** idir an Eagraíocht Dhomhanda Sláine (EDS), an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) agus Eagraíocht um Shláinte Ainmhithe (OIE) agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) a threisiú a thuilleadh agus a leathnú chun **Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)** a áireamh ar théarmaí comhionanna. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Aontas **an Painéal Ardleibhéil Saineolaithe na hAon Sláinte Amháin**, a bhfuil FAO, OIE, EDS agus UNEP páirteach ann.

35. Is bagairt bhunúsach í an **fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR)** do shláinte an duine agus na n-ainmhithe agus do tháirgeadh bia atá sábháilte agus inbhuanaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht láidir a thabhairt d'**úsáid fhreagrach, stuama agus inbhuanaithe ábhar frithmhiocróbach** agus iarrann sé an athuair go gcuirfí deireadh leo mar thionscnóirí fáis ar bhonn céimnitheach. Ba cheart don Chruinniú Mullaigh é a chur chun suntais go bhfuil gá práinneach ann dlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda **Plean Gníomhaíochta Domhanda 2015 maidir le AMR** a chur chun feidhme trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin.

36. Is den ríthábhacht é **galair zónóiseacha** a chosc agus ní mór ullmhú lena n-aghaidh. Cuireann an tAontas i dtreis nach mór sásraí rialaithe agus freagartha a neartú agus treoirlínte idirnáisiúnta maidir le bearta sábháilteachta agus sláinteachais níos déine a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, go háirithe i gcomhthéacs na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE). I ndáil leis an méid sin, ba cheart aird iomlán a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le **teacht chun cinn agus tarchur zónóisí nua**, a bhaineann le táirgeadh ainmhithe chomh maith le cur isteach an duine ar éiceachórais agus ar speicis fiadhúlra. Is gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú, lena n-áirítear trí bhearta neartaithe chun trádáil neamhdhleathach fiadhúlra a chomhrac.

***Rannchuidiú le hinbhuaine agus athléimneacht na gcóras bia tríd an trádáil***

37. Bíonn ról tábhachtach le himirt ag trádáil idirnáisiúnta atá oscailte, trédhearcach agus bunaithe ar rialacha, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), agus caighdeáin sláintíochta agus fíteashláintíochta, chun rochtain ar aistí bia leordhóthanacha, sábháilte agus sláintiúla a áirithiú do chách. **Féadfaidh comhaontuithe trádála iltaobhacha agus déthaobhacha a bheith ina n-uirlis thábhachtach** chun **cuspóirí uaillmhianacha inbhuaine a bhaint amach i ndáil le córais bhia,** go háirithe i bpríomhréimsí amhail cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht; bainistiú inbhuanaithe uisce, talún agus foraoisí; an dífhoraoisiú agus adhmad a lománaítear go neamhdhleathach a chomhrac; leathadh breise AMR a chomhrac agus a chosc; úsáid inbhuanaithe stuama lotnaidicídí a chur chun cinn; leas ainmhithe a fheabhsú; agus dálaí oibre cuibhiúla a chosaint. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil lena chomhpháirtithe trádála agus de thacaíocht a thabhairt dóibh, go háirithe na tíortha atá i mbéal forbartha, chun an t-aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe a thionlacan. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin go dtacaíonn sé leis na hiarrachtaí atá ar bun chun **an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a athchóiriú** d'fhonn rannchuidiú na hEagraíochta Domhanda Trádála leis an bhforbairt inbhuanaithe a fheabhsú.

38. Taobh leis an trádáil idirnáisiúnta, ba cheart aitheantas cuí a thabhairt don rannchuidiú is féidir le **trádáil réigiúnach agus áitiúil** a dhéanamh do chórais bhia inbhuanaithe agus athléimneacha, lena n-áirítear trí **shlabhraí soláthair gairide**. Chun comhlántacht a áirithiú idir córais bhia áitiúla, réigiúnacha agus áitiúla, agus ar an gcaoi sin inbhuaine agus athléimneacht na gcóras bia a fheabhsú, tá sé ríthábhachtach rochtain ar mhargaí réigiúnacha agus áitiúla a thógáil, a neartú agus a fheabhsú.

*Réitigh nua airgeadais agus samhlacha nua gnó*

39. Tá gá le **réitigh nua airgeadais agus samhlacha nua gnó** do gheallsealbhóirí, lena n-áirítear tacaíocht, i gcás inarb iomchuí, trí mhaoiniú cumaiscthe, sásraí roinnte riosca agus scéimeanna árachais, chun córais bhia inbhuanaithe a chothú. Ba cheart dóibh, go háirithe, rochtain ar mhaoiniú a chur chun cinn d'infheistíocht inbhuanaithe agus fhreagrach i gcórais bhia, agus béim á leagan ar fheirmeoirí beaga agus feirmeoirí teaghlaigh agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá sásraí cuntasachta agus coimircí chun coinbhleachtaí leasa féideartha a chosc ríthábhachtach i ndáil leis sin.

40. Ba cheart deireadh a chur go céimnitheach le dreasachtaí atá díobhálach don chomhshaol, don bhithéagsúlacht agus don aeráid. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Aontas gur glacadh **Córas na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe**, agus iarrann sé go ndéanfaí tuilleadh oibre chun **Cuntasaíocht an Chaipitil Nádúrtha** a chur chun cinn i measc lucht ceaptha beartais feadh an chórais bia.

*Eolas eolaíoch a fheabhsú agus comhéadan láidir beartais-eolaíochta a áirithiú*

41. Chun gurbh fhearr an tuiscint ar na dúshláin agus ar na deiseanna a bhaineann le claochlú na gcóras bia agus chun tosaíochtaí gníomhaíochta a shainiú, ba cheart **measúnuithe breise eolaíocht-bhunaithe agus fianaise-bhunaithe** ar chórais bhia a dhéanamh ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus tíre.

42. Ar an gcaoi chéanna, chun cinntí eolasacha a dhéanamh faoi thodhchaí na gcóras bia, tá rochtain ar na léargais theicniúla agus shocheacnamaíocha is fearr ag teastáil ó rialtais, ón earnáil phríobháideach, ó institiúidí taighde, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó thomhaltóirí, agus aitheantas cuí á thabhairt ar eolas traidisiúnta agus eolas dúchasach. Tá an tAontas tiomanta **an t-aistriú eolais, nuálaíochta agus teicneolaíochta** a threisiú i ndáil leis an méid sin.

43. Ba cheart don Chruinniú Mullaigh rannchuidiú le rialachas na gcóras bia a neartú ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear trí shásraí il-gheallsealbhóirí agus idir-rialtasacha, agus comhéadan láidir eolaíochta-beartais a áirithiú chun gur féidir cinntí beartais atá lán-eolasach a dhéanamh.

44. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an tAontas an ról lárnach a bhíonn ag an g**Coiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS)** agus a **Phainéal Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Sábháilteacht an tSoláthair Bia agus Cothú (HLPE).** Ba cheart don Chruinniú Mullaigh moladh do thíortha agus do gach geallsealbhóir glacadh agus cur chun feidhme ionstraimí beartais CFS a neartú. I ndáil leis an méid sin, cuireann an tAontas i dtreis go háirithe a thábhachtaí atá **Treoirlínte Deonacha CFS maidir le córais Bhia agus Cothú a glacadh le déanaí** agus iarrann sé go gcuirfí chun feidhme go forleathan iad.

**OBAIR LEANTACH AR AN GCRUINNIÚ MULLAIGH**

45. Tá an tAontas tiomanta teacht ar **thoradh uaillmhianach** ón gCruinniú Mullaigh maidir le Córais Bhia lena ndéanfar **claochlú na gcóras bia a spreagadh,** leis an gceart chun bia mar chur chuige, trí fhís choiteann a léirítear i g**clár oibre soiléir inghníomhaithe**, a bheidh ailínithe le socruithe faireacháin agus tuairiscithe na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

46. Chun obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar an gCruinniú Mullaigh, is gá **comhar láidir ó na Náisiúin Aontaithe** agus **treisiú na dtionscnamh atá idir lámha ag na Náisiúin Aontaithe** chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, agus dúbailt agus forluí sna sruthanna oibre á seachaint ag an am céanna. Cuireann an tAontas chun suntais a thábhachtaí atá sé an leas is fearr is féidir a bhaint as **na sásraí idir-rialtasacha agus institiúideacha atá ann cheana** chun a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí nua a ghríosú agus dul chun cinn a spreagadh, chomh maith le tomhas agus anailís a dhéanamh ar thionchar an Chruinnithe Mullaigh i gcomhthéacs níos leithne Chlár Oibre 2030. Chun na críche sin, tá gá le **dlúthchomhar agus dlúthchomhordú** idir **na gníomhaireachtaí agus na fóraim ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (FAO), an Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt** Talmhaíochta (IFAD), an Clár Domhanda Bia (WFP), an Coiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhan (CFS), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), Coinbhinsiún NA chun an gaineamhlú a chomhrac (UNCCD), an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE), an Coimisiún Codex Alimentarius agus Coinbhinsiún agus Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC).

47. Ní mór aird ar leith a thabhairt chun a áirithiú go gcuirfear **torthaí an Chruinnithe Mullaigh** san áireamh i d**tionscnaimh iltaobhacha agus imeachtaí amach anseo**, amhail an Cruinniú Mullaigh maidir le Cothú le haghaidh Fáis (Tóiceo, mí na Nollag 2021), Comhdháil Dhomhanda um Dhobharshaothrú (Shang-hai, mí Mheán Fómhair 2021), Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26) (Glaschú, mí na Samhna 2021), Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (COP 15) (mí Mheán Fómhair 2021), Comhdháil Aigéin na Náisiún Aontaithe (Liospóin 2022), Stockholm 50+ (Stócólm 2022), agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Uisce (Nua-Eabhrac, an 22-24 Márta 2023).

*Gníomhaíochtaí agus tionscnaimh ar leibhéal an Aontais*

48. Tá sé d'aidhm ag an Aontas dea-shampla a thabhairt agus leanúint de phróiseas an chlaochlaithe tar éis an chruinnithe mullaigh, in éineacht lena chomhpháirtithe agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, agus é faoi réir chun **comhghuaillíochtaí agus comhpháirtíochtaí** a chothú chuige sin.

49. Mar chuid dá ghníomhaíochtaí beartais níos leithne chun slándáil bia agus cothaithe a bhaint amach, agus chun Clár Oibre 2030 a chur i gcrích san Aontas agus níos faide i gcéin, tá sé d'aidhm ag an Aontas ina chaidreamh lena chomhpháirtithe feabhas a chur ar an mbéim a leagtar ar chórais bhia inbhuanaithe d'fhonn aistriú rathúil a bhaint amach ar bhonn comhpháirteach ar an leibhéal domhanda. Dá réir sin, tá sé de rún ag an Aontas **caibidil ar leith maidir le hinbhuaine na gcóras bia a áireamh i gcomhaontuithe trádála an Aontais** atá á gcaibidil faoi láthair agus an comhar sa réimse sin le tíortha a bhfuil comhaontuithe tugtha i gcrích acu cheana féin leis an Aontas a neartú.

50. Tá an tAontas tiomanta freisin leanúint dá iarrachtaí leanúnacha **chun córas bia inbhuanaithe agus athléimneach de chuid an Aontais** a fhorbairt agus tá sé faoi réir a chuid eolais, saineolais agus taithí a chomhroinnt lena chomhpháirtithe. I measc **na ngníomhaíochtaí agus na dtionscnamh príomhúil gearrthéarmach agus meántéarmach** a bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a ghabháil de láimh chuige sin, go háirithe i gcomhthéacs an **Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip** agus na **straitéise "Ón bhFeirm go dtí an Forc"**, áirítear an méid a leanas:

- creat reachtach de chuid an Aontais a fhorbairt do chórais bhia inbhuanaithe;
- cód iompair a ullmhú, in éineacht leis na geallsealbhóirí ábhartha uile, le haghaidh cleachtas freagrach gnó agus margaíochta;

- spriocanna ceangailteacha a fhorbairt chun cur amú bia a laghdú, bunaithe ar an modheolaíocht nua chun cur amú bia a thomhas;
- “Treoirlínte maidir le Dobharshaothrú Inbhuanaithe” a fhorbairt, chun táirgeadh inbhuanaithe bia ó dhobharshaothrú atá a bhainistiú go hinbhuanaithe a áirithiú;
- reachtaíocht a ullmhú chun cur táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú nó le díghrádú foraoise ar mhargadh an Aontais a sheachaint nó a laghdú, chomh maith le tionscnaimh bhreise chun deireadh a chur le dífhoraoisiú agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn;
- bearta a fhorbairt chun talamh talmhaíochta an Aontais faoi fheirmeoireacht orgánach a mhéadú, chun dobharshaothrú orgánach a mhéadú agus chun tomhaltas táirgí orgánacha a mhéadú;
- bearta a fhorbairt chun spriocanna maidir le laghdú cainníochtúil a bhaint amach i gcás lotnaidicídí, ábhar frithmhiocróbach agus caillteanas cothaitheach;
- tionscadail a sheoladh i gcomhthéacs 'Fís Eorpach' chun tacú le tionscadail taighde agus nuálaíochta atá uaillmhianach agus trasdisciplíneach, le haghaidh córais bhia inbhuanaithe (lena n-áirítear trí chomhpháirtíocht dar teideal “Córais Bhia Shábháilte agus Inbhuanaithe do Dhaoine, don Phláinéad agus don Aeráid”);
- 'tionscnamh feirmeoireachta carbóin an Aontais' a ullmhú chun aistrithe carbóin a dheimhniú bunaithe ar fhaireachán agus ar fhíorú atá láidir agus trédhearcach;
- togra a fhorbairt lena bhféachfar le scéim chomhchuibhithe eolaíocht-bhunaithe maidir le lipéadú cothaithe ar aghaidh an phacáiste agus creat lipéadaithe inbhuanaithe a chur ar fáil;
- tionscnaimh a sheoladh chun athfhoirmliú bia próiseáilte a spreagadh, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme uasleibhéil a leagan síos do chothaithigh áirithe, agus chun srian a chur ar chur chun cinn bia ina bhfuil cion mór salainn, siúcra agus/nó saille áirithe;
- an t-athbhreithniú ar chlár cur chun cinn an Aontais do tháirgí talmhaíochta agus bia agus ar scéim scoile an Aontais, chomh maith le tacaíocht an Aontais do sholáthar bia chun feabhas a chur ar tháirgeadh, ar infhaighteacht agus ar ghlacadh aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe;

- feabhas a chur ar ullmhacht i gcás géarchéimeanna bia, réamhghníomhaíocht a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna bia agus an Líonra Domhanda i gcoinne Géarchéimeanna Bia a oibríochtú a thuilleadh feadh ais na cabhrach daonnúla/na forbartha/na síochána.